Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith C

C/2024/1857

11.3.2024

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 20 Nollaig 2023 – Landesbank Baden-Württemberg v BRA**

**(Cás T-389/21)** [1]

***(Aontas eacnamaíoch agus airgeadaíochta – Aontas baincéireachta – Sásra réitigh aonair le haghaidh institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta áirithe (SRA) – Ciste réitigh aonair (CRA) – Cinneadh BRA maidir le ríomh na ranníocaíochtaí ex ante le haghaidh 2021 – Oibleagáid cúiseanna a lua – Cosaint bhreithiúnach éifeachtach – Cóir chomhionann – Prionsabal na comhréireachta – Corrlach breithmheasa BRA – Pléadáil maidir le neamhdhleathacht – Corrlach breithmheasa an Choimisiúin – Éifeachtaí an bhreithiúnais a theorannú ó thaobh ama de)***

(C/2024/1857)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Landesbank Baden-Württemberg (Stuttgart, an Ghearmáin) (ionadaithe: H. Berger, M. Weber agus D. Schoo, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* An Bord Réitigh Aonair (ionadaithe: J. Kerlin, T. Wittenberg agus D. Ceran, Gníomhairí, le cúnamh ó H.-G. Kamann, F. Louis, P. Gey agus L. Hesse, Dlíodóirí)

*Idiragraithe, ag tacú leis an gcosantóir:* An Coimisiún Eorpach (ionadaithe: D. Triantafyllou, A. Nijenhuis agus A. Steiblytė, Gníomhairí)

**Ábhar**

Lena chaingean bunaithe ar Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go gcuirfear ar neamhní Cinneadh SRB/ES/2021/22 ón mBord Réitigh Aonair (BRA) an 14 Aibreán 2021 maidir le ríomh na rannaíocaíochtaí ex ante le haghaidh 2021 leis an gCiste Réitigh Aonair, a mhéid a bhaineann leis.

**An chuid oibríochtúil**

1) Cuirtear ar neamhní Cinneadh SRB/ES/2021/22 ón mBord Réitigh Aonair (BRA) an 14 Aibreán 2021 maidir le ríomh na rannaíocaíochtaí ex ante le haghaidh 2021 leis an gCiste Réitigh Aonair, a mhéid a bhaineann le Landesbank Baden-Württemberg.

2) Coimeádtar ar bun éifeachtaí chinneadh SRB/ES/2021/22, a mhéid a bhaineann le Landesbank Baden-Württember, go dtí go dtiocfaidh i bhfeidhm, laistigh de thréimhse réasúnta nach mbeidh níos faide ná sé mhí ó dháta fógartha an bhreithiúnais seo, cinneadh nua ó BRA lena socrófar ranníocaíocht ex ante na hinstitiúide sin leis an gCiste Réitigh Aonair le haghaidh thréimhse ranníocaíochta 2021.

3) Ordaítear do BRA, de bhreis ar a chostais féin, na costais a thabhaigh Landesbank Baden-Württemberg a íoc.

4) Ordaítear don Choimisiún Eorpach a chostais féin a íoc.

---

[1] IO C 349, 30.8.2021.